Central to the Arts Council's supports in film is its funding of the Irish Film Institute (IFI) which is Ireland's national film institute and the anchor organisation for film in Ireland. The IFI is home to the IFI Archive which preserves Irish film and film culture on behalf of the nation and is the only archive in the country which preserves moving image materials in climate controlled vaults. In a significant development in 2014, the IFI implemented the first phase of a major digital upgrade that will see it become a state-of the-art digital archive and international leader in its field. The improvements will enable the IFI to take in digitally created film works and to digitise its existing holdings and this will ultimately enable greater public access to its unique collections.

In a new initiative in 2014, the Arts Council partnered with UCC to introduce a Film Artist Residency at the university. The residency is offered in association with the Cork Film Festival and is designed to provide a screenwriter of distinction with a unique opportunity to develop his/her practice in a university environment while offering students the opportunity to engage with a practising artist in a meaningful way during the course of their studies. Following an open competition the screenwriter, Carmel Winters was appointed to the role of Film Artist in Residence at UCC. A key component of the residency is a public event at the Cork Film Festival and, in November 2014, Carmel hosted an insightful and engaging discussion with film-maker Frank Berry on their shared interest in working with communities to tell their stories following the festival screening of his feature film, *I Used to Live Here*.

At the beginning of December, Galway learned that it had been successful in achieving UNESCO City of Film status. It joins other cities, including Sydney and Bradford, as one of five cities of film and also becomes a member of UNESCO's Creative Cities Network. Galway's bid was led by the Galway Film Centre, in association with the Galway City and County Councils, and its designation as a City of Film is recognition of its position as a key hub for film in Ireland. It is a great achievement for Galway and has the potential to offer artists and audiences the opportunity for sustained engagement with film in the city into the future.

idirnáisiúnta le Willi Dorner, Russell Maliphan agus Compagnie Non Nova. Thug an fhéile deis chomh maith do chompántais/d'ealaíontóirí áitiúla damhsa saothar nua, nuálach a chur i láthair, a chonacthas go háirithe in *Tundra* le Emma Martin agus i léiriú Arcane Collective ar *Return to Absence*.

Scannán

Is é an ról atá ag an gComhairle Ealaón i scannán ná tacú leis mar fhoirm ealaíne agus tá páirt lárnoch aici i bhfreastal ar chultúr na scannán in Éirinn. Tá sí dírithe ar ealaón na scannán, agus tacaíonn sí le healaíontóirí scannán agus cuidíonn sí le lucht féachana a forbairt don chineama cultúrtha.


Tá maoiniú Institiúid Scannán na hÉireann (IFI), institiúid scannán náisiúnta na hÉireann agus an phríomheagraíocht do scannán in Éirinn, lárnoch do thacaíochtaí na Comhairle Ealaón. Tá Cartlann IFI suite in IFI ina gcoinnítear scannán agus cultúr scannán na hÉireann thar ceann an náisiúin agus is í an t-aon chartlann sa tir í a chaomhnaíonn ábhair íomhá ghluaiseach i dtascí faoi rialú aeráide. I bhforbairt shuntasach in 2014, chuir IFI an chéad chéim de mhór-uasghrádú digiteach i bhfeidhm agus dá bharr beidh sí ina cartlann dhigiteach úrscotach agus ina ceannaire idirnáisiúnta ina réimse. Cumásóidh na feabhsúchán IFI le saothair scannán a cruthaíodh go digiteach a thabhairt isteach agus na sealúchais atá acu cheana a dhigitú agus cumásóidh sé seo rochtain phoiblí níos mó ar a bhailiúcháin uathúla ar deireadh.

I dtionscnamh nua in 2014, d'oibrigh an Chomhairle Ealaón i gcomhar le UCC chun Scéim Ealaíontóir Scannán Cónaithe a thabhairt isteach san ollscoil. Cuirtear an chóraitheacht ar fáil i gcomhar le Féile Scannán Chorcaí agus is é is aidhm leis deis ar leith a thabhairt do scríbhneoir scáileán a bhfuil gradam bainte amach aige/aici a c(h)leachtas a forbairt i dtimpeallacht ollscoile agus deis a thabhairt do mhic léinn ag an am céanna oibriú ar bhealach bríoch le healaíontóir atá ag cleachtadh le linn dóibh a bheith i mbun staidéir. Tar éis comórtas oscailte, ceapadh an scríbhneoir scáileán Carmel Winters mar Ealaíontóir Scannán Cónaithe in UCC. Gné lárnoch den chóraitheacht is ea imeacht poiblí ag Féile Scannán Chorcaí agus, i mí na Samhna 2014, d'óstáil Carmel plé léirsteach spéisiúil leis an déantóir scannán Frank Berry maidir lena suim chomhroinnte in oibriú le pobail chun a scéalta a insint tar éis léiriú féile dá phríomhscannán, *I Used to Live Here*.

Ag túis mhí na Nollag, d'fhoghlaim an Ghaillimh gur éirigh léi i stádas Chathair Scannán UNESCO a bhaint amach. Tá Gaillimh anois, mar aon le cathracha eile Sydney agus Bradford ar cheann de cúig chathair scannán agus tá sí ina comhalta chomh maith de Ghréasán Cathracha Cruthaithecha UNESCO. Threoraih ionad Scannán na Gaillimhe, i gcomhar le Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe, an t-iarratas agus is aitheantas atá i sainiu na Gaillimhe mar Chathair Scannán ar a sheasamh mar ionad lárnoch do scannán in Éirinn. Éacht mhór atá ann do



Songs from a Car Park. Tiger Fringe Festival 2014. Photo by Joseph Carr
Songs from a Car Park. Tiger Fringe Festival 2014. Grianghraf le Joseph Carr



Eoin Colfer, Laureate na nÓg with members of 5th class Rutland national School.
Photo by Maxwells

Eoin Colfer, Laureate na nÓg le baill 5 aicme Scoile náisiúnta Rutland.
Grianghraf le Maxwells

Review of the Year 2014 (contd)

Athbhreithniú ar an mBliain 2014 (ar lean)

20

Literature

The Arts Council's remit in literature includes support for the writing and publication of high quality poetry, fiction, short fiction, children's literature, critical writing and some forms of creative non-fiction. This support ranges from provision of bursaries to individual writers through to revenue funding of resource organisations, publishers and festivals.

In its support for individual artists, the Arts Council awarded 29 Literature Bursary Awards to writers and illustrators at all stages of their careers, with a total value of €184,965. Of these, seven were awarded to authors at the very beginning of their careers.

The Arts Council made 12 awards, totalling €107,000, under the Publications/Title by Title Scheme. This new scheme is intended to assist in the production of high quality literary titles and journals, and their promotion and dissemination to a wide audience. Successful applicants included work in Irish and English, and covered all genres of writing from children's literature to poetry to literary fiction. Five of the applications funded were for literary journals (one of which was exclusively online) and the remaining seven were literary publishers, ranging from the newly formed to the long established.

In May, novelist Eoin Colfer was announced as the third Laureate na nÓg, Ireland's laureate for children's literature, at a special event at the Arts Council. Eoin succeeded Niamh Sharkey, and in October 2014 he launched the *Once Upon a Place* programme to bring stories to children all over Ireland, reaching places that might not normally be prioritised and offering readings in extraordinary places. Eoin will also edit an anthology of original short stories for children.

The Arts Council hosted its literary stage at Electric Picnic for the seventh consecutive year. The programme, designed to encourage new audiences to engage with contemporary Irish literature, included Will Self and Carlo Gébler, actor Aidan Gillen and Peter Murphy on Joyce's 'The Dead'. Eimear McBride joined forces with Paul Kingsnorth, while Donal Ryan shared the stage with Colin Barrett. Regular presenter Roddy Doyle, was joined by members of the legendary punk outfit, The Radiators from Space (aka Trouble Pilgrims), while Paul Muldoon was joined by Irish language poet Nuala Ní Dhomhnaill, and sean nós singer Larla Ó Lionáird. A tribute to Brendan Behan on the fiftieth anniversary of his death saw filmmaker Jim Sheridan in conversation with actor Peter Coonan.

In July, the Arts Council wrote to organisations and individuals across the country, asking for their nominations for the inaugural Laureate for Irish Fiction. This call yielded 119 nominees and resulted in a total of 34 writers being nominated for this honour. A high profile selection panel,

Ghaillimh agus tá an fhéidearthacht ann deis a thabhairt d'ealaíontóirí agus lucht féachana rannpháirtíocht leanúnach a bheith acu i scannán sa chathair amach anseo.

Litríocht

Is cuid de shainchúram na Comhairle Ealaón sa litríocht tacaíocht a thabhairt i gcomhair scríobh agus foilsíú filíochta, ficsin, gearrscéalta, litríochta do pháistí, na scríbhneoireachta critiúla agus cineálacha áirithe neamhfhisin chruthaithigh d'ardchaighdeán. Cuimsíonn an tacaíocht seo idir sholáthar sparánachtai do scríbhneoirí aonair agus chistiú ioncaim d'eagraíochtaí acmhainne, d'fhoilsitheoirí agus d'fhéilte.

Ina tacaíocht le healaíontóirí aonair, bhronn an Chomhairle Ealaón 29 Dámhachtain Sparánachta Litríochta ar scríbhneoirí agus ar mhaisitheoirí ag gach céim dá ngairm bheatha, arb fhiú €184,965 ar an iomlán iad. Díobh seo, bronnadh seacht gcinn ar údair a bhí ag tú a ngairmeacha beatha.

Rinne an Chomhairle Ealaón 12 dhámhachtain, arbh fhiú €107,000 ar an iomlán iad, faoi Scéim na bhFoilseachán/Teideal ar Theideal. Is é cuspóir na scéime nua seo ná cuidiú le táirgeadh saothar liteartha agus irisí liteartha d'ardchaighdeán, agus iad a cur chun cinn agus a scaipeadh ar lucht móra léite. Áiríodh le hiarratasóirí ar éirigh leo saothar i nGaeilge agus i mbÉarla, agus cuimsíodh gach seánra scríbhneireachta, litríocht do leanaí, filíocht agus ficsean liteartha ina measc. Ba le haghaidh irisí liteartha cúig cinn de na hiarratais (a raibh ceann díobh ar fáil ar líne amháin) agus bhain an seacht gcinn eile le foilsitheoirí litearthachta, ó irisí nua go hirisí seanbhunaithe.

I mí na Bealtaine, fógraíodh an t-úrscéalaí Eoin Colfer mar an tríú duine a ceapadh mar Laureate na nÓg – laureate na hÉireann le haghaidh na litríochta do pháistí – ag imeacht speisialta ag an gComhairle Ealaón. Tháinig Eoin i gcomharbacht ar Niamh Sharkey, agus i mí Dheireadh Fómhair 2014, sheol sé clár *Once Upon a Time* chun scéalta a thabhairt do leanaí ar fud na hÉireann, ag dul chomh fada le háiteanna nach mbíonn ina n-ionaid tosaíochta de ghnáth agus ag tabhairt léachtaí in áiteanna neamhghnácha. Déanfaidh Eoin eagarthóireacht ar dhíolaim de ghearrscéalta do leanaí.

D'óstáil an Chomhairle Ealaón a stáitse litearthachta ag Electric Picnic den seachtú bliain as a chéile. Áiríodh Will Self agus Carlo Gébler, an t-aisteoir Aidan Gillen agus Peter Murphy ar 'The Dead' de chuid Joyce sa chlár, a dearadh chun lucht féachana nua a spreagadh le dul i ngleic le litríoch chomhaimseartha na hÉireann. D'oibrigh Eimear McBride le Paul Kingsnorth, agus roinn Donal Ryan an stáitse le Colin Barrett. Tháinig baill den bhanna punc cáiliúil The Radiators from Space (aka Trouble Pilgrims) in éindí leis an láithreoir rialta Roddy Doyle, agus bhí Paul Muldoon leis an bhfile

chaired by Paul Muldoon, considered a shortlist of nominees and made its final decision before Christmas 2014.

The inaugural Laureate for Irish Fiction event took place on 7 December, at the Irish Film Institute in Dublin where the Arts Council screened *John McGahern: Private World* directed by Pat Collins. This was followed by short story readings from the works of Maeve Brennan, Mary Lavin, Frank O'Connor, Séan Ó Faoláin and Liam O'Flaherty by the actors Clare Barrett, Adrian Crowley, Bronagh Gallagher, Owen Roe and Olwen Fouéré. Musicians Seán Mac Erlaine and Caoimhín Ó Raghallaigh responded to the text.

The Laureate for Irish Fiction was developed by the Arts Council and is supported by University College Dublin (UCD) and New York University (NYU). The Irish Times is media partner for the Laureate.

Music

Music is deeply important to many in Ireland, from audience members, to the occasional player, to full time musicians. The musical landscape encompasses a wide variety of genres and traditions. Over the course of 2014 the Arts Council supported a range of organisations and groups, in a number of settings.

Our support for Music Generation, through a series of projects, facilitated the creation of artist-led work as part of this important music education initiative. We also supported a range of resource organisations, including First Music Contact, the Contemporary Music Centre, the Association of Irish Youth Orchestras and the Association of Irish Choirs.

The programme of festivals and events in 2014 included West Cork Chamber Music Festival; the second year of the New Music Dublin Festival; Sundays At Noon; Great Music in Irish Houses; the Cork International Choral Festival and the Bray Jazz Festival.

Ensembles and groups supported included the National Chamber Choir, Crash Ensemble, the Irish Chamber Orchestra and the Irish Baroque Orchestra. The Journal of Irish Music continued to play an important role in the sector. Additionally, companies such as the Improvised Music Company, Music for Galway, Note Productions ensured that a wide range of work was heard by audiences around the country.

This support seeks to ensure that high-quality musical experiences are available to all, irrespective of means, disability, geography, education, age or experience. These organisations and their programmes are spread throughout the country, continuing and extending the rich vein of music as a vital part of Irish life.

Gaeilge Nuala Ní Dhomhnaill, agus amhránaí ar an sean-nós larla Ó Lionáird. Labhair an déantóir scannán Jim Sheridan leis an aisteoir Peter Coonan mar chomóradh ar bhás Brendan Behan caoga bliain ó shin.

I mí lúil, scriobh an Chomhairle Ealaón chuig eagraíochtaí agus chuig daoine ó gach cearn den tír, agus í ag iarraidh orthu ainmniúcháin a chur isteach don chéad Laureate i gcomhair Ficsean Éireannach. Ainmníodh 119 duine mar thoradh ar an nglaoch agus ainmníodh 34 scríbhneoir san iomlán don onóir. Bhí Paul Muldoon ina chathaoirleach ar phainéal roghnaithe ardiomrá, a rinne measúnú ar an ngearriosta ainmniúcháin agus a rinne an cinneadh deiridh roimh an Nollaig 2014.

Cuireadh an chéad ócáid don Laureate i gcomhair Ficsean Éireannach ar síúl an 7 Nollaig in Institiúid Scannán na hÉireann i mBaile Átha Cliath áit ar léirigh an Chomhairle Ealaón *John McGahern: Private World*, a stiúir Pat Collins. Ina dhiaidh sin, léigh na haisteoírí Clare Barrett, Adrian Crowley, Bronagh Gallagher, Owen Roe agus Olwen Fouéré gearrscéalta ó shaothar Maeve Brennan, Mary Lavin, Frank O'Connor, Séan Úí Fhaoláin agus Liam O'Flaherty. D'fheagair na ceoltóirí Seán Mac Erlaine agus Caoimhín Ó Raghallaigh don téacs.

D'fhorbair an Chomhairle Ealaón an Laureate i gcomhair ficsean Éireannach agus tá tacaíocht á fáil ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) agus ó Ollscoil Nua-Eabhrac (NYU). Tá The Irish Times ina chompháirtí sna meáin le haghaidh an Laureate.

Ceol

Tá ceol fíorthábhachtach do go leor daoine in Éirinn, ó bhaill an lucht éisteachta, don té a sheinneann anois is arís, go dtí ceoltóirí lánamearthá. Cuimsíonn an tírdhreach ceoil réimse leathan seánraí agus traidisiún. I rith 2014, thacaigh an Chomhairle Ealaón le réimse eagraíochtaí agus grúpaí, i roinnt suíomhanna.

D'éascaigh ár dtacaíocht do Ghlúin an Cheoil, trí shraith tionscadal, le saothar a threoraih ealaíontóirí mar chuid den tionscnamh tábhachtach um oideachas ceoil seo. Thacaíomar chomh maith le réimse eagraíochtaí acmhainne, lena n-áirítear First Music Contact, an tlónad Ceoil Chomhaimseartha, Cumann Ceolfoirne Óige na hÉireann agus Cumann Náisiúnta na gCór.

Airíodh le clár na bhféilte agus na n-imeachtaí in 2014 Féile Cheoil Aireagail larthar Chorcaí; an dara bliain d'Fhéile New Music Dublin; Sundays at Noon; Great Music in Irish Houses; Cór Fhéile Idirnáisiúnta Chorcaí agus Féile Snagcheoil Bharóca.

Airíodh leis na ensembles agus grúpaí an Cór Aireagail Náisiúnta, Crash Ensemble, Ceolfoireann Aireagail na hÉireann agus Ceolfoireann Bharócach na hÉireann. Lean

Review of the Year 2014 (contd) Athbhreithniú ar an mBliain 2014 (ar lean)

22

Opera

The current opera policy focuses on the needs of the public and the artist. This policy continued to encourage opera makers to adopt a collaborative approach to the production of opera.

The emphasis on partnership-based productions has resulted in a number of fresh collaborations, some involving established institutions, and encouraged several new entrants.

Wexford Festival Opera and Opera Theatre Company continued to play leading roles in the opera sector. The Opera Theatre Company production *L'Elisir d'Amore* played in seven venues across the country, extending the range audiences for opera.

Wexford Festival Opera had an adventurous programme in 2014, with three works by lesser known composers. These were *Salomé*, the Oscar Wilde play, by the French composer, Antoine Mariotte, followed by *Don Bucefalo* by Antonio Cagnoni and finally *Silent Night* by Kevin Putts, a European Premiere for this Pulitzer Prize winning work.

Der Vampyr was a co-production between the Everyman and Cork Operatic Society, which received Arts Council support through the Opera Production Award, and was a highlight of the Cork Midsummer Festival, with very positive press reviews and playing to packed houses. Other Opera Productions Awards included *The Rape of Lucretia*, the inaugural Irish Youth Opera production, in association with Wexford Festival Opera. Waterford artists composer Eric Sweeney and poet Mark Roper created a new opera, *The Invader*, and took their inspiration from the parable of *The Bacchae* by Euripides, bringing this ancient story of human folly and divine anger to life. The work premiered in Theatre Royal Waterford.

an ról tábhachtach atá ag Journal of Irish Music san earnáil. Anuas air sin, chinntigh compántais cosúil leis an Improvised Music Company, Music for Galway, Note Productions gur chuala lucht éisteachta raon leathan saothair timpeall na téire.

Tá sé i gceist leis an tacaíocht seo a chinntí go mbíonn taithí ceoil d'ardchaighdeán ar fáil do gach duine, d'ainneoin a gcumas, míchumas, tíreolaíocht, oideachas, aois nó taithí. Tá na heagraíochtaí agus a gcláir scaipthe ar fud na téire, ag leanúint den fhéith shaibhir cheoil mar chuid lárnach de shaol na hÉireann agus á síneadh.

Ceoldrámaíocht

Díríonn an beartas ceoldrámaíochta reatha ar riachtanais an phobail agus an ealaontóra. Leanadh ar aghaidh sa bheartas ag spreagadh lucht déanta na ceoldrámaíochta chun cur chuige comhoibríoch a ghlacadh i leith léiriú na ceoldrámaíochta.

Mar gheall ar an mbéim ar léirithe atá bunaithe ar chompháirtíocht, tá cúpla comhoibriú úr tar éis teacht chun cinn, cuid acu a bhaineann le hinstiúidí bunaithe, agus spreagadh líon iontrálaithe nua leis.

Bhí ról mhóra ag Féile Cheoldrámaíochta Loch Garman agus ag an Opera Theatre Company in earnáil na ceoldrámaíochta i rith an ama. Cuireadh léiriú an Opera Theatre Company, *L'Elisir d'Amore*, ar siúl i seacht n-ionad ar fud na téire, ag fairsingíú raon an lucht éisteachta don cheoldrámaíocht.

Bhí clár uaillmhianach ag Féile Cheoldrámaíochta Loch Garman in 2014, le trí shaothar de chuid cumadóirí nach bhfuil mórán aithne orthu. Ba iad seo *Salomé*, dráma Oscar Wilde, leis an gcumadóir Francach Antoine Mariotte, agus ina dhiaidh sin *Don Bucefalo* le Antonio Cagnoni agus ar deireadh *Silent Night* le Kevin Putts, an chéad léiriú san Eoraip den saothar seo a bhuaigh Gradam Pulitzer.

Comhléiriú a bhí in *Der Vampyr* idir an Everyman agus Cork Operatic Society, a fuair tacaíocht ón gComhairle Ealaón tríd an Dámhachtain do Léiriúchán Ceoldráma, agus ba bhuaicphointe a bhí ann i bhFéile Lárshamhraidh Chorcaí; fuair sé léirmheasanna an-dearfacha sa phreas agus bhí an t-ionad dubh le daoine i gcónai. Áiríodh le Dámhachtain do Léiriúchán Ceoldráma eile *The Rape of Lucretia*, an chéad léiriú de chuid Chompántas Ceoldrámaíochta Óige na hÉireann, i gcomhar le Féile Cheoldrámaíochta Loch Garman. Chruthaigh an cumadóir agus ealaontóir Eric Sweeney as Port Láirge agus an file Mark Roper ceoldráma nua, *The Invader*, agus ghlac siad spreagadh ón scéal *The Bacchae* le hEoripidéas, ag cur beocht leis an scéal ársa seo de bhaois an duine agus fearg diaga. Léiríodh an saothar den chéad uair san Amharclann Ríoga i bPort Láirge.

Theatre

Irish theatre continued to achieve very high standards, exciting, stimulating and provoking audiences the length and breadth of the country in 2014. A wide range of work was offered to audiences throughout Ireland.

One of the most exciting productions of the year was undoubtedly Thomas Ostermeier's thrilling production of *Hamlet* for the Schaubühne Berlin, which was presented as part of the 2014 Dublin Theatre Festival. The production, on a scale rarely seen in Ireland, caused quite a stir both dividing and challenging audiences.

Another highlight was the co-production by Landmark and the Galway International Arts Festival of the world premiere of Enda Walsh's *Ballyturk*, a piece of stunning theatrical vitality and imagination from one of Ireland's leading theatre artists, supported by excellent acting and design work.

Presenting the work of another great Irish theatre artist, Druid Theatre premiered a new play by Tom Murphy, *Brigit*, in a double bill with a riveting revival of his classic play, *Bailegangaire*. Meanwhile the Abbey Theatre successfully revived Brian Friel's *Aristocrats*, Oliver Goldsmith's *She Stoops to Conquer*, George Bernard Shaw's *Heartbreak House*, and John B. Keane's *Sive*.

At the Gate Theatre, there were very strong productions of international classics, including Arthur Miller's *The Price*, and Noel Coward's *The Vortex*.

In terms of new writing, the Gate presented Hugo Hamilton's fine First World War drama, *The Mariner*, while the Abbey's new work included *Conservatory* by Michael West, *The Waste Ground Party* by Shaun Dunne and *Our Few and Evil Days* by Mark O'Rowe, featuring excellent performances from Sinéad Cusack, Ciarán Hinds, Charlie Murphy and Tom Vaughan-Lawlor.

Other new writing included Fishamble's production of *Strandline* by Deirdre Kinahan, an unflinching, raw exploration of marriage break-up; Annie Ryan's powerful adaptation for the stage of Eimear McBride's award-winning debut novel *A Girl is a Half-Formed Thing*, which featured a remarkable solo performance by Aoife Duffin, for Corn Exchange; and Rough Magic's production for the Dublin Fringe Festival of Sonya Kelly's original and witty, *How to Keep an Alien*.

There was a visually and aurally stunning production of Enda Walsh's *How These Desperate Men Talk* from Corcadurca at Kinsale Arts Festival. Limerick City of Culture saw exciting new work in the form of a new musical, *The Unlucky Cabin Boy* from Gúna Nua with music by the Brad Pitt Light Orchestra, a new play, *Underneath* from Pat

Téatar

Bhain téatar na hÉireann ardchaighdeán amach arís in 2014 trí lucht féachana a spreagadh, a ghríosú agus a cheistiú fud fad na tire. Cuireadh réimse leathan saothair os comhair lucht féachana ar fud na hÉireann.

Ar cheann de na léirithe ba spreagthaí den bhliain bhí léiriú iontach Thomas Ostermeier ar *Hamlet* do Schaubühne Berlin, a léiríodh mar chuid d'Fhéile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath 2014. Chothaigh an léiriú, ar scála nach bhfeictear rómhinic in Éirinn, an-chuid cainte agus chuir sé dúshlán roimh an lucht féachana.

Buaicphointe eile ba ea comhléiriú de chuid Landmark agus Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe den chéad léiriú ar domhan de *Ballyturk* le Enda Walsh, saothar iontach téatair beoga agus samhláoch ó dhuine de mhórealáontóirí téatair na hÉireann, le tacaíocht ó aisteoireacht agus obair dhearaidh den scoth.

Agus saothar ealaíontóir amharclannaíochta Éireannach iontach eile á léiriú, chuir Amharclann an Druid an chéad léiriú de dhráma nua le Tom Murphy, *Brigit*, ar siúl i mbille déubailte trí athghiniúint shuimiúil dá dhráma clasaiceach, *Bailegangaire*. Ag an am céanna, d'athbheochan Amharclann na Mainistreach *Aristocrats* le Brian Friel, *She Stoops to Conquer* le Oliver Goldsmith, *Heartbreak House* le George Bernard Shaw, agus *Sive* le John B. Keane.

Ag Amharclann an Gheata, bhí léirithe an-láidre de shárshaothair idirnáisiúnta, lenar áiríodh *The Price* le Arthur Miller, agus *The Vortex* le Noel Coward.

I dtéarmaí scríbhneoireacht nua, chuir an Geata *The Mariner*, dráma breá Hugo Hamilton faoin gCéad Chogadh Domhanda i láthair, agus áiríodh le saothar nua Amharclann na Mainistreach *Conservatory* le Michael West, *The Waste Ground Party* le Shaun Dunne agus *Our Few and Evil Days* le Mark O'Rowe, ina raibh sár-thaispeántais ó Shinéad Cusack, Ciarán Hinds, Charlie Murphy agus Tom Vaughan-Lawlor.

Áiríodh le scríbhneoireacht nua eile, léiriú Fishamble de *Strandline* le Deirdre Kinahan, fiosrú amh gan géilleadh ar bhriseadh pósta; athchóiriú cumhachtach don státse de chéad úrscéal Emer McBride *A Girl is a Half-Formed Thing*, ina raibh taispeántas aonair iontach ag Aoife Duffin, don Corn Exchange; agus léiriú Rough Magic d'Fhéile Imeallach Bhaile Átha Cliath de shaothar bunaidh agus greannmhar Sonya Kelly, *How to Keep an Alien*.

Bhí léiriú iontach amhairc agus éisteachta de *How These Desperate Men Talk* le Enda Walsh ó Corcadurca ag Féile Ealaíon Chionn tSáile. Rinneadh saothar nua spreagthach i bhfoirm ceolsiamsa nua, *The Unlucky Cabin Boy* ó Gúna Nua le ceol ón Brad Pitt Light Orchestra, dráma nua,



Mark Redmond performing an original piece of music for solo uilleann pipes, to commemorate the Battle of Clontarf in 1014, composed by Sandie Purcell. April 2014. Photo by Terry Moylan/Na Piobairí Uileann

Mark Redmond, agus é ag taibhiú saothar bunúil ceoil le haghaidh pib Uilleann aonáir chun Cath Chluain Tarbh sa bhliain 1014 a chomóradh, arna chumadh ag Sandie Purcell. Aibreán 2014. Granghraf le Terry Moylan/Na Piobairí Uileann

Review of the Year 2014 (contd) Athbhreithniú ar an mBliain 2014 (ar lean)

Kinevane and Fishamble, and an exciting and innovative site-specific production from Wildebeest Theatre Company, *On The Wire*. Meantime, to celebrate its 40th anniversary, the Wexford Arts Centre presented *Wexfour*, four new plays by acclaimed Wexford writers John Banville, Colm Toibin, Eoghan Colfer and Billy Roche.

Traditional Arts

2014 saw highly creative and innovative traditional arts activity with interesting and ambitious applications in awards and grants offered by the Arts Council.

The Deis Scheme and Deis Recording Scheme continued to allow individuals and organisations to engage in activity at grass-roots level and also encourage the development of the traditional arts in more innovative ways. Projects in 2014 included the development of a series of traditional song concerts based on the Child Ballad Collection; and the development of collaboration between the uilleann pipe and pipe organ, exploring the innovative blend of traditional and classical music; a recording of uilleann piping, drawing on a rich family heritage and extensive research into music from the O'Farrell, Petrie, Roche and Goodman collections of traditional Irish music; and also a recording of contemporary traditional musicians presenting the old house dance music from the Croagh area of central Donegal.

In 2014, in response to the historic meeting of the harping community the previous year, the Arts Council commissioned a report on the current provision for traditional harp music in Ireland with a view to informing the Council on current practice and recommendations for the development of the sector.

The Arts Council announced in 2014 the appointment of the internationally renowned performer and composer Niall Vallely as the Traditional Artist in Residence at University College Cork 2014-15. Vallely will deliver a series of concerts, workshops and seminars over the course of his year-long residency.

2014 also saw a successful new partnership between the Arts Council and the National Concert Hall who worked together in bringing a high quality traditional music programme *Tradition Now* as part of a new contemporary music series.

Underneath ó Pat Kinevane agus Fishamble, agus léiriú nua agus nuálach a bhí sonrach don suíomh ó Wildebeest Theatre Company, *On The Wire*, mar gheall ar Chathair Chultúir Luimnigh. Ag an tráth chéanna, chun ceiliúradh a dhéanamh ar 40 bliain ar an bhfód, chuir Ionad Ealaón Loch Garman *Wexfour* i láthair, ceithre dhráma nua ó na scríbhneoirí cáiliúla as Loch Garman, John Banville, Colm Tóibín, Eoin Colfer agus Billy Roche.

Na hEalaíona Traidisiúnta

Bliain an-chruthaitheach agus nuálach ba ea 2014 do ghníomhaíocht sna healaíona traidisiúnta. Fuarthas iarratais uaillmhianacha nuálacha ar dhámhachtainí agus ar dheontais arna dtairiscint ag an gComhairle Ealaón.

Leana Scéim Deis agus Scéim Taifeadta Deis ar aghaidh ag tabhairt deiseanna do dhaoine agus d'eagraíochtaí páirt a ghlaicadh i ngníomhaíocht ar leibhéal bunúsach agus spreag sí forbairt na n-ealaíon traidisiúnta ar bhealaí níos nuálai. Áiríodh le tionscadail in 2014 forbairt sraith ceolchoirmearcha amhrán traidisiúnta bunaithe ar Bhailiúchán Bailéad Leanaí; agus forbairt ar chomhoibriú idir an phíb uilleann agus an píborgán, ag fiosrú meascán nuálach de cheol traidisiúnta agus clasaiceach; taifeadadh de phíobaireacht uilleann, ag diríú ar oidhreacht shaibhir teaghlaigh agus ar dhiantaighde maidir le ceol ó bhailiúchán O'Farrell, Petrie, Roche agus Goodman de cheol traidisiúnta na hÉireann; agus taifeadadh ar cheoltóirí traidisiúnta comhaimseartha ag cur seانcheol damhsa tí i láthair ó cheantar na Cruaiche i nDún na nGall.

In 2014, mar fhreagra ar chruinníu stairiúil den phobal cláirsí an bhliain roimhe, choimisiúnaigh an Chomhairle Ealaón tuarascaíl ar sholáthar reatha do cheol cláirsí traidisiúnta na hÉireann chun eolas a thabhairt don Chomhairle maidir le cleachtas agus moltaí reatha chun an earnáil a forbairt.

D'fhógair an Chomhairle Ealaón in 2014 ceapachán an taibheora agus cumadóra a bhfuil clú idirnáisiúnta air, Niall Vallely, mar Ealaíontóir Traidisiúnta Cónaithe i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh in 2014-15. Cuirfidh Vallely sraith ceolchoirmearcha, ceardlann agus seimineár i láthair i rith a chónaitheachta bliana.

Bunaíodh compháirtíocht rathúil nua idir an Chomhairle Ealaón agus an Ceoláras Náisiúnta in 2014. D'oibrigh siad le cheile chun clár ceoil thraigisiúnta d'ardchaighdeán, Tradition Now, a thabhairt mar chuid de shraith nua ceoil chomhaimseartha.

Review of the Year 2014 (contd)

Athbhreithniú ar an mBliain 2014 (ar lean)

26

Visual Arts

There were some exceptional, large scale projects in the visual arts throughout the year. eva International, Ireland's biennial, continued to demonstrate its capacity to deliver high quality, large scale artwork in Limerick city, with the main exhibition taking place in the old Golden Vale Milk Plant. This event added enormously to a rich and varied cultural year for Limerick as City of Culture. Another major exhibition to be shown in Limerick as part of the national tour of the Venice Biennale representation was Richard Mosse's *The Enclave*. The exhibition also travelled to the Royal Hibernian Academy in Dublin, receiving much public attention. Dennis McNulty's solo show, *Prototypes*, at Limerick City Gallery of Art also coincided with Limerick City of Culture and demonstrated the strength of this artist's work. The Tulca festival in Galway continued to be artistically strong and well presented, showing an ability to be spatially and conceptually a big project on a relatively small budget.

Sean Lynch's, *A Blow by Blow Account of Stonecarving in Oxford*, exhibited at Dublin City Gallery, the Hugh Lane, travelled on to Modern Art Oxford. Lynch will represent Ireland at the Venice Biennale in 2015. Niamh O'Malley's exhibition at Douglas Hyde Gallery highlighted an artist of accomplishment from artistic, conceptual and formal perspectives. Caoimhe Kilfeather's *This Attentive Place* at Temple Bar Gallery + Studios and *Before it Stirs the Surface* at Oonagh Young Gallery were ambitious and thoughtful. Marie Brett's tour of *The Amulet* confronted hidden and complex aspects of infant loss with intelligence and feeling, and Michelle Browne's curation of *These Immovable Walls* at Dublin Castle presented work by Carey Young, Kateřina Šedá, Philip Napier, Pauline Cummins, Dominic Thorpe, Sandra Johnston and Maurice O'Connell.

Other highlights included Amy Walsh's *The Talking Earth* at the Butler Gallery. This beautiful work was filmed in New South Wales and was a wonderful realisation of sculpture and film affecting physical space. Karl Burke produced a thoughtful show at the Royal Hibernian Academy, demonstrating elegance in its execution.

Na Físealaíona

Bhí roinnt tionscadal iontacha, móra sna hamharcealaíona i rith na bliana. Chuir eva International, féile dhébhliantúil na hÉireann, a cumas in iúl arís chun saothar ealaíne d'ardchaighdeán, mórsclá a sheachadadh i gcathair Luimnigh agus an príomhthaispeántas á reáchtáil i seanmhonarcha bainne Golden Vale. Chuir an t-imeacht seo go mór le bláin chultúrtha shaibhir agus éagsúil do Luimneach mar Chathair Chultúir. Mórtaispeántas eile a bhí ar siúl i Luimneach mar chuid de chamchuairt náisiúnta léiriú Biennale na Veinéise ab ea *The Enclave* le Richard Mosse. Thaisteal an taispeántas chomh maith chuig an Acadamh Ibeirneach Ríoga i mBaile Átha Cliath, agus fuair sé an-aird ón bpobal. Bhí seo aonair Dennis McNulty, *Prototypes*, ag Dánlann Chathair Luimnigh ar siúl ag an am céanna le Cathair Chultúir Luimnigh agus léiríodh láidreacht shaothar an ealaontóra seo. Bhí an fhéile Tulca i nGaillimh láidir arís go healaíonta agus cuireadh i láthair go maith í, a léirigh an cumas le bheith ina thionscadal mór ó thaobh spáis agus coincheapa de ar bhuiséad réasúnta beag.

Taispeánadh *A Blow by Blow Account of Stonecarving in Oxford* le Sean Lynch, i nGáilearaí Hugh Lane Chathair Bhaile Átha Cliath, agus thaisteal sé ar aghaidh chuig Modern Art Oxford. Beidh Lynch ag déanamh ionadaíochta thar ceann na hÉireann ag Biennale na Veinéise in 2015. Léirigh taispeántas Niamh O'Malley sa Douglas Hyde Gallery ealaontóir saoithiúlachta ealaíonta, coincheapúla agus foirmiúla. Bhí *This Attentive Place* le Caoimhe Kilfeather ag Temple Bar Gallery & Studios agus *Before it Stirs the Surface* ag Oonagh Young Gallery uaiillmhianach agus machnamhach. Thug camchuairt *The Amulet* le Marie Brett aghaidh ar ghnéithe folaithe agus casta a bhaineann le cailteanas naónáin le hintleacht agus mothúchán, agus chuir coimeádaíocht Michelle Browne ar *These Immovable Walls* ag Caisleán Bhaile Átha Cliath saothar le Carey Young, Kateřina Šedá, Philip Napier, Pauline Cummins, Dominic Thorpe, Sandra Johnston agus Maurice O'Connell i láthair.

Áiríodh le buaicphointí eile *The Talking Earth* le Amy Walsh ag an Butler Gallery. Taifeadadh an saothar álainn seo i New South Wales agus b'fhíorú iontach a bhí ann de thionchar dealbhóireachta agus scannán ar an spás fisiciúil. Léirigh Karl Burke seó machnamhach ag an Acadamh Ibeirneach Ríoga, a léirigh galántacht ina chur chun feidhme.

Young People, Children and Education (YPCE)

Throughout 2014, the Arts Council continued to support children and young people to imagine, discover, and engage with the arts through its funding to arts organisations, individual artists and ensembles, and by fostering strategic partnerships.

As part of the implementation of the Arts in Education Charter, the Arts Council continued to support artist-in-residence programmes in the Colleges of Education. These residencies in theatre, literature, dance, and music aim to support the next generation of primary school teachers to develop an understanding of the role of the arts in education, and to gain the skills and confidence to foster artistic experiences for their students. In 2014, renowned composer and harpist, Anne-Marie O'Farrell was appointed Composer in Residence at Mary Immaculate College Limerick, where she has begun collaborating with college choirs and local primary schools in developing original compositions.

The Arts Council partnered with the Department of Education and Skills' Junior Cycle for Teachers (JCT) in a pilot initiative to support engagement with the arts at post-primary level. In March 2014, a series of Continuing Professional Development workshops for English teachers, co-designed by arts practitioners and the JCT support service, took place in Education Centres across the country. This pilot initiative extended the reach of arts organisations including the Irish Film Institute (IFI), National Association for Youth Drama (NAYD), the Abbey, and TENDERFOOT – a local arts initiative; and encouraged teachers to access local and national arts resources when introducing their students to theatre and film in Junior Cycle.

The National Youth Arts Programme, led by the National Youth Council of Ireland and jointly funded by the Arts Council and the Department of Children and Youth Affairs, marked the ten-year anniversary of its Certificate in Youth Arts, a part-time course in Irish youth arts practice and policy accredited by NUI Maynooth.

2014 saw the launch of a new three-year partnership between Music Generation and the Arts Council to support the work of high-calibre professional musicians in a range of ambitious music education programmes. In Sligo, a three-month intensive programme in composition and performance took place at The Model, fusing 'traditional' and 'classical' styles. The programme culminated in a concert for Fleadh Cheoil na hÉireann at the Hawk's Well Theatre with Dervish, West Ocean String Quartet, Sligo Academy of Music Orchestra and young traditional musicians.

Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas

I rith 2014, lean an Chomhairle Ealaón ag tacú le leanaí agus daoine óga chun samhlú, fionnachtain agus dul i ngleic leis na healaíona trína maoiniú d'eagraíochtaí ealaón, ealaíontóirí aonair agus ensemble, agus trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a chothú.

Mar chuid d'fhorfheidhmiú na Cairte um na hEalaíona san Oideachas, lean an Chomhairle Ealaón ag tacú le cláir ealaíontóirí cónaithe sna Coláistí Oideachais. Díríonn na scéimeanna cónaitheachta seo sa téatar, litríocht, damhsa agus ceol ar thacú leis an gcéad ghlúin eile de mhúinteoirí bunscoile chun tuiscint a fhorbairt ar ról na n-ealaón san oideachas, agus chun scileanna agus muinín a fhorbairt chun taithí ealaíonta a chothú dá ndaltaí. In 2014, ceapadh an cumadóir agus an seinnteoir clúiteach clársí Anne-Marie O'Farrell ina Cumadóir Cónaithe i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach, áit a bhfuil túis curtha aici le comhoibriú le cír coláistí agus bunscoileanna áitiúla chun cumadóireacht bhunaidh a fhorbairt.

Tháinig an Chomhairle Ealaón le chéile le Sraith Sóisearach do Mhúinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna i dtionscnamh píolótach le tacú le ranpháirtíocht leis na healaíona ag leibhéal iar-bhunscoile. I mí an Mhárta 2014, reáchtáladh sraith ceardlann Forbairt Ghairmiúla Leanúnáid do mhúinteoirí Béarla, arna comhdhearadh ag cleachtóirí ealaón agus ag seirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearáid do Mhúinteoirí, in Ionaid Oideachais ar fud na tire. D'fhadaigh an tionscnamh píolótach síneadh eagraíochtaí ealaíne lena n-áirítear Institiúid Scannán na hÉireann (IFI), National Association for Youth Drama (NAYD), Amharclann na Mainistreach agus TENDERFOOT – tionscnamh ealaón áitiúil; agus spreag siad müínteoirí le rochtain a fháil ar acmhainní áitiúla agus náisiúnta ealaón nuair atá téatar agus scannán sa tSraith Shóisearach á gcur faoi bhráid a ndaltaí.

Tionscnamh de chuid Chomhairle Náisiúnta Óige na hÉireann is ea an Clár Náisiúnta Ealaíne don Óige atá á chómhaoiniú ag an gComhairle Ealaón agus an Roinn Leanaí agus Gnótháí Óige. Cheiliúr siad deich mbliana dá dTeastas sna hEalaíona don Óige, cursa páirtaimseartha i gcleachtas agus i mbeartas ealaón don óige in Éirinn, arna chreidiúnú ag OÉ Má Nuad.

In 2014, seoladh comhpháirtíocht trí bliana idir Glúin an Cheoil agus an Chomhairle Ealaón le tacú le saothar ceoltóirí gairmiúla ardchumhais i réimse cláir oideachas ceoil uaillmhianacha. I Sligeach, reáchtáladh dianchlár trí mhí i gcumadh agus taibhiú ag The Model, chun stíleanna 'traidisiúnta' agus 'clasaiceacha' a thabhairt le chéile. Shroich an clár a bhuaic i gceolchoirm do Fleadh Cheoil na hÉireann ag amharclann Hawk's Well le Dervish,

Review of the Year 2014 (contd) Athbhreithniú ar an mBliain 2014 (ar lean)

28

Direct funding for the arts sector saw young people (aged 12–23) taking the lead on a range of artistic projects in music, dance, circus, film, theatre and visual arts in collaboration with professional artists through the Arts Council's Young Ensembles Scheme. Individual artists across music, dance, circus and theatre were supported to develop their practice in creating work for and with children and young people through the YPCE bursary award. Support for organisations through a range of other Arts Council grants and awards led to a range of exciting engagements and collaborations, of which only a few examples can be included here. *The Way Back Home*, an international co-production by Branar Dramaíochta Teo and Teater Refleksion (Denmark) in association with Baboró International Arts Festival for Children, was based on the book by Irish author and illustrator Oliver Jeffers. A six venue tour of *Virtually There*, an exhibition by Kids' Own Publishing Partnership, explored the perspectives of artists, children and teachers when they collaborate on artistic processes. 2014 came to a close with tangled Christmas lights and woolly jumpers in *A Peculiar Wintry Thing*, an original music show created for children by composer Brian Irvine as part of a national tour and commissioning partnership between The Ark and Music Network.

West Ocean String Quartet, Ceolfoireann Acadamh Ceoil Shligigh agus ceoltóirí óga traidisiúnta.

De bharr maoiniú díreach don earnáil ealaón, ghlac daoine óga (12–23 bliain) le ceannaireacht ar réimse tionscadail ealaíonta sa cheol, damhsa, sorcas, scannán, téatar agus amharcealaíona i gcomhar le healaíontóirí gairmiúla trí Scéim Ensembles na nÓg de chuid na Comhairle Ealaón. Tacaíodh le healaíontóirí aonair sa cheol, damhsa, sorcas agus téatar chun a gcleachtais a fhorbairt chun saothar a chruthú le haghaidh agus in éindí leanaí agus daoine óga trí Dhámhachtain Sparánachta DÓLO. De bharr na tacaíochta d'eagraíochtaí trí raon deontas agus dámhachtainí eile ón gComhairle Ealaón, rinneadh roinnt rannpháirtíochtaí agus comhoibrithe suimiúla, nach féidir ach roinnt samplaí a lua anseo. *The Way Back Home*, comhléiriú Idirláisiúnta le Branar Drámaíochta Teo agus Teater Refleksion (an Danmhairg) i gcomhar le Féile Ealaón Idirláisiúnta Baboró, a bunaíodh ar an leabhar leis an údar agus maisitheoir Éireannach Oliver Jeffers. D'fhiosraigh camchuairt sé ionad de *Virtually There*, taispeántas de chuid Kids' Own Publishing Partnership, dearctaí ealaíontóirí, leanaí agus múinteoirí nuair a chomhoibríonn siad ar phróisis ealaíonta. Críochaíodh 2014 le soilse Nollag snaidhmthe agus geansaithe olla in *A Peculiar Wintry Thing*, seó ceoil bunaidh a chruthaigh an cumadóir Brian Irvine do leanaí mar chuid de chamchuairt náisiúnta agus compháirtíocht choimisiúnaithe idir an Ark agus Music Network.



LUXe theatre production *Awakening the Horseman* in Grianán Ailigh, Burt, Co Donegal. Photo by Fiona Fagan

Léiriú amharclainne LUXe, *Awakening the Horseman* i nGrianán Ailigh, an Bheart, Co. Dhún na nGall. Grianghraf le Fiona Fagan



Simply Music's *iClass Sounds* – iPad Music Composition Workshops, supported by the Arts Council. Photo by Paul Maher

Simply Music's *iClass Sounds* – Ceardlanna Cumadóireachta iPad Music, arna dtacú ag an gComhairle Ealaion. Grianghraf le Paul Maher. Grianghraf le Paul Maher

Council Membership 2014 / Baill na Comhairle 2014

30



Sheila Pratschke
Chair / Cathairleach

Appointed February 2014



Aibhlín McCrann,
Deputy Chairman /
Leas-Chathaoirleach



Brian Maguire
Appointed January 2014



Ciarán Walsh



Éimear O'Connor
Re-appointed January 2014



John Fanning



John McAuliffe



John O'Donnell



Joan Sheehy
Appointed January 2014



Mark O'Regan



Miriam Dunne
Appointed January 2014



Monica Spencer
Appointed January 2014



Judith Woodworth

ATTENDANCE AT PLENARY MEETINGS 2014 / FREASTAL AR CHRUINNITHE IOMLÁNACHA 2014

	28 Jan Ean	26 Feb Feabh	25 Mar Már	15 Apr Aib	19 May Bealt	17 Jun Meith	26 Jun Meith	23 Sept M. Fómh	21 Oct D. Fómh	18 Nov Samh	12 Dec Noll
Sheila Pratchke	☆	*	*	*	*	*	*	*	*	*	*
Aibhlín McCann	*	*	*	*	*	*	*	*	*	*	*
Brian Maguire	☆	*	*	*	*	*	*	*	*	*	*
Ciarán Walsh	*	*	*	*	*	*	*	*	*	*	*
Éimear O'Connor	☆	*	*	*	*	*	*	*	*	*	*
John Fanning	*	*	*	*	*	*	*	*	*	*	*
John McAuliffe	*	*	*	*	*	*	*	*	*	*	*
John O'Donnell	*	*		*	*	*	*				*
Joan Sheehy	☆	*	*	*	*	*	*	*	*	*	*
Mark O'Regan	*	*	*		*	*	*	*	*	*	*
Miriam Dunne	☆	*		*	*	*	*		*	*	*
Monica Spencer	☆		*	*		*		*	*	*	*
Judith Woodworth	*	*	*	*	*	*	*		*	*	*

☆ not yet appointed / * attended / * attended via conference call / trí ghlao comhdhála

The above table does not reflect the attendance of Council members at meetings of the various sub committees which are held throughout the year. The sub committees include Business and Finance, Audit, Grants and Policy and Strategy.

Ní léirítear sa tábla thusa tinreamh chomhaltaí na Comhairle ag cruinnithe de na fochoistí éagsúla, a bhíonn ar siúl i rith na bliana. Áirítear leis na fochoistí Gnó agus Airgeadas, Iníúchadh, Deontais, agus Beartas agus Straitéis.

Senior Management Team / Foireann Bhaínistíochta Shinsearach

32

DIRECTOR / STIÚRTHÓIR



Orlaith McBride

SENIOR MANAGEMENT / AN BHAINISTÍOCHT SHINSEARACH



Aidan Burke



